
# Cluain Mhic Nóis

**Ionad ársa léinn**



OPW Oidhreacht Éireann
Heritage Ireland



Tá iarsmaí shuíomh eaglasta ársa Chluain Mhic Nóis, ó dheas de Bhaile Átha Luain, i measc na n-iarsmaí is fairsinge dá leithéid in Éirinn.



Ba é Naomh Ciarán a bhunaigh Cluain Mhic Nóis timpeall na bliana 548, mac saoir nó máistir-cheardaí.


Suite ar dhroim eascrach ag breathnú amach ar limistéar mór portaigh trína sreabhann abhainn na Sionainne, bhí a shuíomh sa tseanaimsir ag crosbhóthar na hÉireann mar a dtrasnaigh an artaire chumarsáide thuaidh/theas, an tSionainn, an príomhbhealach soir/siar feadh dhromanna gairbhéil na n-eascracha oighreacha.

Chuir an suíomh lárnach seo le forbairt Chluain Mhic Nóis mar lárionad mór reiligiúin, foghlama, trádála, ceardaíochta agus tionchair pholaitiúil. Ina cháil mar áit adhlactha Chiaráin, tá oilithrigh ag tabhairt cuairt ar an áit le beagnach 1,500 bliain.

Tá roinnt séipéal ar an suíomh a bhfuil dátaí éagsúla leo ón 10ú go dtí an 17ú haois, túr cloigtheach, caisleán, trí chros chloiche agus bailiúchán mór leac uaighe luath.

Agus pobal mór tuata ann, bhí cuma bhaile seachas cuma mhainistreach ar Chluain Mhic Nóis. Tógadh tithe cónaithe agus foirgnimh uile an phobail as adhmad agus níor mhair siad cé gur aimsíodh rianta díobh le linn tochailtí seandálaíochta.

Tógadh na chéad eaglaisí as adhmad freisin ach cuireadh cloch ina n-áit ón 10ú haois ar aghaidh. Bhíodh an lonnaíocht iata, le bruach cré is dócha, cé nach bhfuil aon rian soiléir de sin fós ann.



Ar an teorainn idir an dá chúige, Cúige na Mí agus Cúige Chonnacht, chuaigh pátrúnacht ríthe cumhachtacha cúige chun leas Chluain Mhic Nóis, a mbíodh cuid acu ag iarraidh ríogacht na hÉireann a bhaint amach.

Go dtí an 9ú haois bhí dlúthbhaint ag an mainistir le Connachta ach ó shin go dtí an 11ú haois, bhí sí i gcomhghuaillíocht le ríthe na Mí ach d'fhill sí ar Chonnachta arís ag deireadh an 11ú agus isteach sa 12ú haois.

Chreachadh naimhde Éireannacha, Lochlannaigh agus Angla-Normannaigh Cluain Mhic Nóis go minic, ach tháinig meath air ón 13ú haois ar aghaidh nuair nach raibh ann ach suíomh easpaig bhoicht.

Sa bhliain 1552, rinne garastún Sasanach ó Bhaile Átha Luain fothrach de. Is Séadchomhartha Náisiúnta é Cluain Mhic Nóis ó bhí 1877 ann agus tá sé faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) anois.

Istigh san Ionad Cuairteoirí tá amharclann chlosamhairc, taispeántas léirmhínithe, rogha de na leaca uaighe agus na trí chros (macasamhlacha atá ar na suíomhanna bunaidh anois).



## An Chros Theas

Cros ghaineamhchloiche fháinneach atá sa chros theas freisin agus í thart ar 12 throigh (3.7m) ar airde. Tá sí clúdaithe den chuid is mó le hornáidí teibí i bhfoirm crinnghréasa atá fite fuaite ina chéile, bíseanna agus cabharthaí.

Tá radharc céasta ann i rilíf íseal atá suite go neamhghnách ar an seafta seachas ar an gcroscheann féin. Ó thaobh stíle de, is cosúil go bhfuil baint aige le grúpa cros Áth Eine agus d'fhéadfadh sé dul chomh fada siar le tús an 9ú haois.

## An Chros Thuaidh

Níl ach seafta agus bonn na croise seo fágtha. Is cloch mhuilinn athúsáidte an bonn; tá an seafta, atá déanta as aolchloch, snoite ar thrí thaobh amháin le hornáidí teibí, crosfhí dhaonna agus ainmhithe. Chuir daoine áirithe an stíl i gcomparáid le Leabhar Cheanannais agus is dócha gur timpeall na bliana 800 a rinneadh í.



## Na Leaca Uaighe

Tá bailiúchán an-mhór leac uaighe i gCluain Mhic Nóis a théann siar go tréimhse idir an 8ú haois agus an 12ú haois, agus tá rogha bheag díobh ar taispeáint san Ionad Cuairteoirí. Tá cruthanna éagsúla cros snoite orthu sin agus tá inscríbhinn ar an gcuid is mó díobh ina bhfuil ainm an duine atá á chomóradh.

De ghnáth bíonn an inscríbhinn i bhfoirm OR (le haghaidh OROIT) DO ‘X’, is é sin: paidir ar son ‘X’.

## Teampall Uí Dhúnlaing agus Teampall Hurpan

Tá an dá eaglais seo ceangailte le chéile. Ainmníodh an eaglais thiar as Éamonn Ó Dúnlaing as Cluain Dá Lára a shín siar í agus a chuir díon nua uirthi sa bhliain 1689. Eaglais chloiche luath atá sa chuid thoir de Theampall Uí Dhúnlaing ó thart ar an 11ú haois a raibh *antae* uirthi (starrtha de na taobh-bhallaí thar na ballaí deiridh, a d’iompair an díon thar na beanna) agus a raibh clocha móra curtha ar a n-imeall uirthi.

Féachann a fuinneog bheag chruinn bhunaidh ar an taobh thoir isteach i dTeampall Hurpan anois, breisiú a cuireadh léi timpeall na bliana 1700.



## Cros na Screaptra

Ceann de na hArdchrosa is fearr atá fós ann in Éirinn, snoíodh an seafta agus an ceann fáinneach as píosa amháin gaineamhchloiche timpeall 900 AD. Sheasadh an chros, atá 13 troithe (4m) ar airde, siar ón ardeaglais. Tá a dhromchla roinnte ina phainéil ar a bhfuil radhairc fhíoracha.

Is ón mBíobla a thagann an Céasadh, an Breithiúnas Deireanach agus Críost sa Tuama ach taispeánann an radharc is ísle ar aghaidh thoir an tseafta duine den chléir agus laoch a bhfuil cuaille ina sheilbh. Tá léirmhínithe éagsúla déanta air sin ach d'fhéadfadh sé gurb é an tAb Colmán agus an Rí Flann a léirítear, arbh iadsan a thóg an chros seo agus an eaglais ar a dtugtar an Ardeaglais anois araon.

Milleadh na hinscríbhinní ar na haghaidheanna thoir agus thiar ag bun an tseafta go dona ach rinneadh atógáil an-mhaith orthu. Is cosúil go luaitear an Rí Flann agus an tAb Colmán araon iontu, arbh é Colmán a rinne an chros don Rí.



## Teampall Mhaol Seachlainn

Struchtúr dronuilleogach simplí is ea Teampall Mhaol Seachlainn, a tógadh timpeall 1200 AD.

Gné shuntasach is ea an fhuinneog thoir dhá léas ina bhfuil fráma múnlaithe inmheánach atá cosúil le samplaí eile in iarthar na hÉireann. Tá baint aige le teaghlach Mhaol Seachlainn, sliocht ríthe na Mí.

## Teampall Chiaráin

Tá an eaglais bheag seo, ar cosúil gur áit adhlactha Naomh Ciarán í, ar an gceann is lú de na heaglaisí uile i gCluain Mhic Nóis. Níl istigh inti ach 3.8m x 2.8m ar mhéid. Is eaglais saoirseachta luath é an foirgneamh bunaidh, a tógadh ag tús an 10ú haois is dócha, le *antae* agus poill phuitleoige chun scafalra a cheangal trí na ballaí. Is saothar réasúnta nua-aimseartha é an balla theas ar fad agus leath theas an bhalla thiar.

Is féidir bunchlocha Theampall Uí Cheallaigh, a tógadh sa bhliain 1167 in ionad eaglais adhmaid, a fheiceáil siar ó Theampall Chiaráin.



## Teampall Fhinghin

Tá an séipéal Rómhánúil suntasach seo, agus cloigtheach cruinn iomlán ceangailte ag acomhal na meánlainne agus an tsaingil, suite ar imeall na reilige is gaire don tSionainn.

Is cuid dhílis den fhoirgneamh é an túr a meastar gur tógadh timpeall 1160-70 é. Is cosúil go ndearnadh damáiste d'áirse an tsaingil Rómhánúil de bharr tine tráth éigin agus gur cuireadh an t-ord inmheánach aolchloiche atá ann anois isteach tráth ní ba dhéanaí.

## Teampall Uí Chonchúir

Tá díon ar an eaglais seo agus tá sí in úsáid ag Eaglais na hÉireann ó bhí an 18ú haois ann. Tá na fuinneoga sa bhinn thoir agus sa doras araon sa stíl idirthréimhseach, rud a thugann le fios gur ón 12ú haois iad.



## An Ardeaglais

De réir na n-annála, ba é Flann Sinna, Rí na Teamhrach, agus Colmán, Ab Chluain Mhic Nóis, a thóg an eaglais seo sa bhliain 909. Tá sí ar an gceann is mó de na heaglaisí i gCluain Mhic Nóis.

Tá saoirseacht an fhoirgnimh bunaidh, a bhfuil rian de sa bhalla thuaidh den chuid is mó, déanta as gaineamhchloch le *antae* agus poill phuitleoige dhoimhne atá díreach mar an gcéanna le saoirseacht Theampall Chiaráin. Níl aon ghnéithe eile fágtha ón gcéim is luaithe sin den fhoirgneamh agus téann an doras thiar atá ann faoi láthair, atá sa stíl idirthréimhseach idir Rómhánúil agus Gotach, siar go dtí 1200 nó thart air sin.

Cuireadh an sacraistí bunaidh le taobh theas na heaglaise ag an am sin freisin. Rinneadh an balla theas ar fad a atógáil dhá mhéadar isteach óna líne bhunaidh timpeall dheireadh an 13ú haois. Is dócha gur bhain sé sin le fadhbanna struchtúracha leis an mballa bunaidh.

Rinneadh maisiú mór ar an Ardeaglais sna 1450idí nuair a cuireadh ceannbhrat boghtaí mionsaothraithe os cionn na binne thoir (atá ina fothrach anois), cuireadh an doras álainn thuaidh isteach agus soláthraíodh cóiríocht maille le teallach os cionn an tsacraistí. Deir inscríbhinn os cionn an dorais thuaidh gur cuireadh an saothar i leith Odo, déan Chluain Mhic Nóis, a fuair bás sa bhliain 1461.


Tugtar *'Áirse na Cogarnaí'* ar an Doras Thuaidh freisin agus dearadh ar an mbealach seo d'aon ghnó é mar gur úsáideadh mar bhosca faoistine é.

Tá an greanadh ar an doras thar a bheith breá agus os a chionn tá trí naomh: Doiminic, Pádraig agus Proinsias. Cuireadh Ruairí Ó Conchúir, ardrí deireanach na hÉireann, gar don altóir anseo sa bhliain 1198.

# Léarscáil den Láithreán

- A Teampall Fhinghin agus Túr Mhic Cárthaigh
- B Teampall Uí Chonchúir
- C Cloigtheach Uí Ruairc
- D An Chros Thuaidh
- E Teampall Uí Cheallaigh
- F Bealach amach go dtí Eaglais na mBan Rialta (500m)
- G Cros na Screaptra
- H An Ardeaglais
- I Teampall Chiaráin
- J Teampall Uí Dhúnlaing
- K An Chros Theas
- L Teampall Hurpan
- M Teampall Mhaol Seachlainn





## An Cloigtheach

Cé go bhfuil cuid mhór dá bharr ar iarraidh, is sampla breá é seo de ghnáth-chloigtheach scoite de shuíomhanna eaglaise na hÉireann. Mar is amhlaidh de ghnáth, tá an doras, a bhfuil áirse leathchiorclach air anseo, i bhfad os cionn leibhéal na talún. Tá aghaidh de bhloic aolchloiche dhronuilleogacha shnoite air agus tá sé luaite na hannála sa bhliain 1124 gurbh iad Turlach Ó Conchúir agus Ó Maoileoin, comharba Chiaráin, a thóg é.


Rinne tintreach damáiste dó sa bhliain 1135 agus tógadh an barr atá ann faoi láthair, ar a bhfuil ocht mbearna, tráth ní ba dhéanaí.

## Eaglais na mBan Rialta

Tá Eaglais na mBan Rialta thart ar 500 méadar soir ón reilig. Is struchtúr breá Rómhánúil í an phríomheaglais, ina bhfuil meánlann agus saingeal. Tá doras agus áirse shaingil inti atá snoite go mín, ar atógadh iad araon sa 19ú haois. Tá sé luaite sna hannála gurbh í Dearbhforgaill, bean chéile mhíchlúiteach Thighearnáin Uí Ruairc, a chuir an foirgneamh seo i gcrích sa bhliain 1167. Tá cuid de bhalla amháin d'eaglais ní ba luaithe fós i mballa páirce cúpla méadar soir ó dheas.

## An Caisleán

Siar ón reilig, agus gar don tSionainn, tá iarsmaí caisleáin láidir a thóg Príomh-Ghobharnóir na hÉireann sa bhliain 1214. Halla saoirseachta agus clós ba ea an príomh-chroílár; bhíodh struchtúir chosanta adhmaid anuas ar na bruacha thart air. Is féidir gur scriosadh d'aon ghnó é chomh fada siar le 1300.



Íomhánna © Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann.